

AN CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL 2021

Foirm Iarratais



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



Comhlánaigh na sonraí seo a leanas le do thoil:

| | |
|---|---|
| Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta: | |
| Cén ceantar bardasach a bhfuil an t-iarratas ar mhaoiniúchán á dhéanamh chuige? | Baile Átha an Rí-Órán Mór <input type="checkbox"/> Béal Átha na Sluaighe <input type="checkbox"/> Conamara <input type="checkbox"/> Baile Locha Riach <input type="checkbox"/> Tuaim <input type="checkbox"/> Uile-chontae <input type="checkbox"/> |
| Cur síos gairid ar chuspóir do dheontais: | |

Déan cinnte go bhfuil na rudai thíos luaithe baint insteach le d'iarratais:

| | | |
|---|-----------------------------|--|
| Foirm Iarratais agus í comhlánaithe agus sínithe | Tá <input type="checkbox"/> | |
| Cóip de Raiteas Baince cothrom le dáta | Tá <input type="checkbox"/> | |
| Cóip de Pholasáí Árachais Dlíteanais Phoiblí le deimhniú slánaithe do Chomhairle Chontae na Gaillimhe | Tá <input type="checkbox"/> | |
| Mheastachán: 1 (níos lu na 3,000euro) nó 3 (níos mo na 3,000euro) nó billí fóntais | Tá <input type="checkbox"/> | |
| Cruthúnas ar Úinéireacht/Theideal le haghaidh oibreacha ar fhoirgnimh | Tá <input type="checkbox"/> | Neamhbhainteach <input type="checkbox"/> |
| Toilithe i scríbhinn ó Roinn Iomchui le haghaidh oibreacha ar thalamh phobail | Tá <input type="checkbox"/> | Neamhbhainteach <input type="checkbox"/> |
| Aon toilithe reachtúla atá ag teastáil le haghaidh na n-oibreacha | Tá <input type="checkbox"/> | Neamhbhainteach <input type="checkbox"/> |

TABHAIR FAOI DEARA, LE DO THOIL, NÍ DHÉANFAR BREITHNIÚ AR IARRATAIS NEAMHIOMLÁNA NÓ DHÉANACHA.

Is féidir leat an t-iarratas comhlánaithe a thíolacadh **ar cheann amháin** de na modhanna seo a leanas:

Le ríomhphost chuig: communitygrants@galwaycoco.ie (is é seo an modh is fearr linn chun iarratais a fháil – sínigh an fhoirm ar dtús, déan leagan scanta de ansin & agus cuir chugainn le ríomhphost í agus na doiciméid tacaíochta go léir in éineacht léi).

Leis an bpost chuig: DEONTAIS PHOBAIL, An Rannóg Forbartha Pobail, Tuaithe agus Eacnamaíochta, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Is é an dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha iarratais comhlánaithe ná 5.00 p.m.

De Máirt, an 22ú Meitheamh 2021

Don Oifig Amháin:

An Dáta a Fuarthas an tIarratas: _____ Uimh. Thag. a sannadh: _____

ROINN 1: MIONSONRAI AN IARRATASÓRA

| | | |
|--|---|----|
| Ainm an Ghrúpa / na hEagraíochta: | | |
| Seoladh: | | |
| Éirchód: | | |
| Ainmneacha Teagmhála le haghaidh comhfhreagrais: | 1. | 2. |
| An Post sa Ghrúpa/san Eagraíocht? | | |
| Uimhir Ghutháin: | | |
| Ríomh-phost: | | |
| An bhfuil d'Eagraíocht cláraithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)? | Tá <input type="checkbox"/> Uimh. Chlár. _____ Níl <input type="checkbox"/> | |
| An Grúpa neamh-bhrabúis atá i gceist? | Is ea <input type="checkbox"/> Ní hea <input type="checkbox"/> | |
| Má tá an grúpa/eagraíocht cláraithe i gcomhair cánach/CBL, tabhair d'Uimh. Thagartha Cánach: | | |
| Más carthanas cláraithe atá i gceist, tabhair d'Uimhir Chláraithe Carthanais, le do thoil: | | |
| Tabhair cur síos ghearr, le do thoil, ar do ghrúpa, e.g. structúir coiste, sceideal cruinnithe etc. | | |
| Luaigh príomhaidhmeanna agus gnóthachtálacha an Ghrúpa:. | | |
| Cá mhéad duine a dtugann d'eagraíocht tacaíocht dóibh? | | |
| An gearrtar táillí ballraíochta? Má ghearrtar, cén táille a ghearrtar? | Gearrtar <input type="checkbox"/> Ní ghearrtar <input type="checkbox"/> € | |
| An bhfuil d'eagraíocht cleamhnaithe nó ceangailte le haon comhlacht ábhartha áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta? Má TÁ, tabhair sonraí, le do thoil: | Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> | |
| An bhfaigheann tú cistiú ó aon eagraíocht áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta? Má FHAIGHEANN, tabhair sonraí, le do thoil: | | |

ROINN 2: SONRAI FAOIN TIONSCADAL

Cá mhéad maoiniú atá á lorg agat? Cuir tic ar rogha amháin thíos.

- Deontas ar scála beag €1,000 nó níos lú
- Deontas os cionn €1,000

Cad é cuspóir an deontais?

- Deontas aon uaire i leith costas a bhaineann le hoscailt saoráide nó le hinbhuanaitheacht saoráide.

nó

- Deontas i leith tionscadail nó saoráidí chun trealamh a fheabhsú

Cén úsáid a bhainfead as an maoiniú?

- Oiriúnaithe nó trealamh atá ag teastáil mar gheall ar COVID-19
- Costas amhail billí fónais a bheidh dlite le hóc in 2021

nó

- Ionaid phobail a fhorbairt/a nuachóiriú
- Cothabháil aon uaire ar áitreabh
- Tionscadail a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh
- Forbairt Conláistí pobail
- Forbairt Spásanna súgartha/áineasa
- Forbairt clubanna nó saoráidí óige
- Forbairt saoráidí spóirt/áineasa
- Páirceanna baile agus comhlímistéir agus comháiteanna a fheabhsú
- Feabhsúcháin sa réimse poiblí
- Sráid-dreach
- Trealamh CCTV
- Ceannach trealamh

Tabhair cuntas, le do thoil, ar shonraí an chineál tionscadail incháilithe a roghnaíodh thuas:

Conas a thabharfaidh do thionscadal aghaidh ar mhíbhuntáiste nó inbhuanaitheacht do shaoráide a chinntiú agus an líon measta daoine a bhainfidh leas as:

Tabhair sonraí cruinne maidir leis an suíomh (comhordanáidí X-Y) le do thoil, áit a mbeidh an tionscadal beartaithe bunaithe:

X ITM

Y ITM

Teastaíonn an fhaisnéis seo i bhFormáid ITM. Taispeánfaidh an treoir shimplí, atá curtha ar fáil againn leis an bhfoirm seo, duit conas iad a aimsiú <https://irish.gridreferencefinder.com/>.

Má tá maoiniú le haghaidh tionscadal tógála nó athchóirithe

| | |
|---|--|
| Cathain a thosófar do thionscadal? | |
| Cathain a chríochnófar do thionscadal? | |
| An bhfuil na ceadanna ábhartha go léir i bhfeidhm (m.sh. pleanáil, toiliú scríofa ó úinéir talún/maoine má bhaineann forbairt maoine le do thionscadal)? | Neamhbhainte <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> |
| An tionscadal iomlán nua é seo nó an bhfuil sé mar chuid d'fhorbairt chéimnithe, nasctha le (nó an bhfuil sé maoinithe) ag scéimeanna eile a fheidhmíonn Ranna Rialtais nó an tÚdarás Áitiúil? Más IS EA , tabhair na mionsonraí le do thoil: | Neamhbhainte <input type="checkbox"/> Tá <input type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/> |

ROINN 3: IARRATAS CISTIUCHÁIN

An méid maoiniúcháin atá á iarraidh faoin Scéim seo:

€

Má tá an méid thuas le haghaidh costas athoscailte nach mbaineann le trealamh nó uasghrádú saoráidí, tabhair sonraí ag A thíos:

A. Má bhaineann d'iarreatas le costas athoscailte nach mbaineann le trealamh nó uasghrádú saoráidí, cuir isteach cáipéisíocht tacaíochta thíos le do thoil - d'fhéadfadh billí fónais atá dlite le hóc in 2021 a bheith san áireamh anseo.

| | |
|-----------------------------------|-------------|
| <i>Mír(eanna) C(h)aiteachais:</i> | <i>Méid</i> |
| | € |
| | € |
| | |
| Caiteachas Iomlán: | € |

Má tá an méid thuas le haghaidh trealamh nó uasghrádú saoráidí, tabhair sonraí le haghaidh B, C agus D thíos le do thoil:

B. Tabhair miondealú ar chaiteachas le haghaidh an tionscadail a bhfuil maoiniúchán á lorg ina leith.

Tá

| | |
|-----------------------------------|--------------|
| <i>Mír(eanna) C(h)aiteachais:</i> | <i>Méid:</i> |
| | € |
| | € |
| | € |
| Caiteachas Iomlán: | € |

| | |
|---|-------------|
| C. An bhfuil meastachán á thabhairt mar thacaíocht leis na costais measta? Cuir san áireamh, le do thoil, meastachán/luachan amháin ar son lucht oibre níos lu na 3,000 <u>nó</u> 3 mheastachán; ó sholáthraithe éagsúla chun lucht oibre níos mó na 3,000. | |
| <i>Ainm an Sholathraí</i> | <i>Méid</i> |
| | € |
| | € |
| | € |

| | |
|---|--|
| D. An costas páirteach nó iomlán an tionscadail í an tsuim seo? Más costas páirteach é, tabhair costas measta iomlán an tionscadail. Le bheith incháilithe do chistiú faoin gclár seo, caithfidh tú a lua cá dtiocfaidh tú ar aon easnamh cistithe. Soláthair na sonraí seo thíos, le do thoil. | Páirteach <input type="checkbox"/> _____ Iomlán <input type="checkbox"/> |
| <i>Foinse</i> | <i>Méid</i> |
| | € |
| | € |
| | € |

An bhfuair tú maoiniú faoi aon scéimeanna deontais ó 2018 go dtí an dáta reatha - ie deontais ó Ranna Rialtais, Údarás Áitiúil nó LEADER?

FUAIR **NÍ BHFUAIR** Má FUAIR, tabhair sonraí thíos le do thoil

| Ainm na Scéime | Eagraíocht maoinithe | Méid a fuarthas | Dáta a fuarthas |
|----------------|----------------------|-----------------|-----------------|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Ar bhain d'eagraíocht leas as maoiniú faoi CEP 2018, nó ciste Seid na bhFear 2018, nó CEP 2019, nó ciste Seid na bhFear agus na mBan 2019, nó CEP 2020, nó aon bhabhtaí de Chiste Éigeandála 2020 COVID-19?

BHAIN **NÍOR BHAIN** Má BHAIN, tabhair sonraí le do thoil

| |
|--|
| |
| |
| |

ROINN 4: ADMHÁIL AGUS DEARBHÚ

Má éiríonn leis an iarratas, conas a thabharfaidh do Ghrúpa/d'Eagraíocht admháil i leith na ranníocaíochta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe?

Thar ceann ár nEagraíochta, daingním an méid seo a leanas:

1. Tá na Téarmaí & na Coinníollacha is infheidhme maidir leis an maoiniúchán seo léite agam agus go dtuigim iad.
2. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar san iarratas seo, agus an fhaisnéis go léir a thugtar in aon doiciméid tacaíochta, fíor agus cruinn.
3. Aontaím gur féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis a phróiseáil agus í a nochtadh do thríú páirtithe más gá sin chun cistí a riaradh, chun measúnú a thuairisciú agus ar mhaithe le hiniúchadh, agus toilím, thairis sin, go bhféadfaidh na páirtithe sin an fhaisnéis sin (ainm na heagraíochta is iarratasóir, méid an deontais a thugtar, mionsonraí faoin bhféile/imeacht a dtugtar maoiniúchán ina leith) a nochtadh a mhéid a bhaineann le margú nó cur chun cinn an mhaoiniúcháin seo.
4. Daingním go bhfuil clúdach dóthanach cuimsitheach árachais againn le haghaidh ár gcuid gníomhaíochtaí agus aontaím Comhairle Chontae na Gaillimhe a shlánú.
5. Tuigim gur próiseas comórtais atá i gceist agus aontaím glacadh leis an gcinneadh a éireoidh as measúnú m'iarratais mar chinneadh críochnaitheach.
6. Deimhním nach bhfuil an cistiú ag an ngrúpa/eagraíocht chun tabhairt faoin obair/tionscadal gan an cúnamh deontais seo nó, mar mhalairt air sin, go dtabharfaidh grúpa/eagraíocht an iarratasóra faoi thionscadal níos mó anois ar an deontas a fháil nach mbeidís in ann tabhairt faoi murach an deontas.
7. Deimhním go bhfuil grúpa/eagraíocht an iarratasóra comhlíontach i dtaobh cánach (má tá sé/sí cláraithe do cháin)
8. Dearbhaím go gcaithfidh an tionscadal seo a bheith críochnaithe agus a bheith tarraingthe anuas faoin **10 Mí na Nollaig 2021** nó beidh an maoiniú forghéillte

Ní mór don Chathaoirleach, don Rúnaí nó don Chisteoir an Dearbhú seo a shíniú thar ceann na hEagraíochta is iarratasóir:

| | |
|--------------------------|--|
| Ainm (i mbloclitreacha): | |
| Síniú: | |
| An Post san Eagraíocht: | |
| Dáta: | |

AN CLÁR FEABHSÚCHÁIN POBAIL 2021

Treoirlínte



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
na Gaillimhe
Galway County Local Community
Development Committee

LÉIGH NA TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA SEO A LEANAS GO CÚRAMACH, LE DO THOIL, SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM IARRATAIS

1. Réamhrá

Cuireann an Clár Feabhsúcháin Pobail (CEP) maoiniú ar fáil do ghrúpaí pobail ar fud na hÉireann le saoráidí atá i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú.

Tá an **CEP** á mhaoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (an Roinn) agus á riar ag na Coistí Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC'nna) i ngach ceantar Údaráis Áitiúil.

Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do gach ceantar Údaráis Áitiúil (LA) agus déanann na LCDC'nna an maoiniú seo a riar ansin ar mhaithe lena chinntiú go ndírítear an maoiniú go cuí i dtreo aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste sna ceantair is mó ina dteastaíonn sé.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird go ndéanann gníomhaireachtaí agus ranna eile infheistíocht i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste freisin¹. Feidhmítear an **CEP** ar bhealach comhlántach le luach breise a chur le scéimeanna agus le cláir líne tosaigh atá á bhfeidhmiú i bpobail.

Mhol an Roinn go gcuirfeadh na LCDC'nna roinnt den mhaoiniú ar leataobh chun deontais bheaga €1,000 nó níos lú a chur ar fáil. Cuirfidh an maoiniú a chuirtear ar leataobh ag an leibhéal seo deis ar fáil do líon níos mó grúpaí a bhfuil acmhainní teoranta acu trí mhaoiniú a fháil. Tá an clár in ann maoiniú nó páirtmhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail ar scála níos mó le haghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste.

Soláthróidh an leagan seo den CEP:

- deontais i leith tionscadail nó saoráidí chun trealamh a fheabhsú (cosúil le blianta roimhe seo) agus
- deontais aon uaire i leith costas a bhaineann le hoscailt saoráide nó le hinbhuanaitheacht saoráide.

¹Mar shampla, an Roinn Oideachais agus Scileanna i scoileanna DEIS agus oifigigh caidrimh pobail, an HSE i seirbhísí cúraim pobail, an DSP in Intreo agus tríd an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil, srl. Feidhmíonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail seo SICAP (An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail) freisin chun cuidiú le daoine aonair agus le grúpaí ó phobail atá faoi mhíbhuntáiste.

2. Cé atá incháilithe le hiarratas a dhéanamh?

Is féidir le grúpa pobail nó le grúpa deonach neamhbhrabúsach iarratas a dhéanamh. Tabharfar tosaíocht do Ghrúpaí ar baill den Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) iad. Dean cinnte go bhfuil do ghrúpa claraithe ag at <https://www.galwaycountypn.ie/registration-form/>
Níl eagraíochtaí ná daoine aonair tráchtála incháilithe do mhaoiniú.

3. Cé na tionscadail atá incháilithe do mhaoiniú?

3a. Cad iad na costais atá incháilithe le haghaidh maoinithe??

Tá suim **€143,401** leithroinnte ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (LCDC) faoin gclár thuasluaite do 2021.

Féach thíos liosta, liosta nach liosta uileghabhálach é, de thionscadail chaipitil a d'fhéadfadh maoiniú a fháil faoin gclár:

- Ionaid phobail a fhorbairt/a nuachóiriú
- Cothabháil aon uaire ar áitreabh
- Conláistí pobail
- Forbairt clubanna nó saoráidí óige
- Forbairt saoráidí spóirt/áineasa
- Páirceanna baile agus comhlímistéir agus comháiteanna a fheabhsú
- Trealamh CCTV
- Feabhsúcháin sa réimse poiblí
- Sráid-dreach
- Forbairt Spásanna súgartha/áineasa
- Tionscadail a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh
- Ceannach trealamh
- Oiriúnaithe nó trealamh atá ag teastáil mar gheall ar COVID-19

Ar leithligh, tá an deontas CEP seo ar fáil le haghaidh costas a bhaineann le athoscailt saoráide nó inbhuanaitheacht na saoráide. Ina measc seo tá costais amhail billí fónais, srl. Chun monatóireacht agus rialachas iomchuí a chinntiú, tá an Roinn ag rá nach bhfuil ach costais a bheidh dlí le híoc in 2021 incháilithe.

Spriocghrúpaí

Tá an maoiniú seo dírithe ar bhearta a spreagann geilleagair áitiúla agus saoráidí pobail á bhfeabhsú do dhaoine aonair agus do phobail atá faoi thionchar ag míbhuntáiste mar a aithnítear sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP).

3b. Cad nach bhfuil incháilithe do mhaoiniú?

Níl an caiteachas seo a leanas incháilithe do mhaoiniú:

- Aon tionscadal nach bhfuil ag coinneáil le clú an Chláir
- Costais Fostaíochta
- Táillí dlí
- Táillí maidir le bainistiú tionscadal
- Ceannach talún nó foirgneamh
- Staidéir féideartha
- Oibríochtaí príobháideacha nó tráchtála

4. Riachtanais an Chláir

Tá feidhm leis na coinníollacha seo a leanas ó thaobh gach tionscadail. Ag brath ar chineál do thionscadail (agus an grúpa atá ag déanamh an iarratais), d'fhéadfadh sé nár mhór freastal ar riachtanais bhreise. Déanfaidh an LCDC/LA an méid seo a phlé leat má éiríonn le do d'iarratas.

Ceanglais Chánach

Ní mór go mbeidh aon ghrúpa/eagraíocht iarratasóra atá cláraithe chun críocha cánach comhlíontach. Ar aon dul leis na nósanna imeachta imréitigh cánach leasaithe a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir 2016, ní mór an Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur isteach chun críocha fíoraithe.

Toiliú Reachtúil – Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go mbíonn gach cead agus toiliú reachtúil atá riachtanach faighte sula gcuirtear tús le haon oibreacha. Áirítear cead pleanála leis sin, ach níl sé ag brath air.

Árachas – D'fhéadfadh an ÚÁ fianaise i scríbhinn de pholasaí árachais bailí a éileamh, sa chás gur ábhartha, le linn an phróisis athbhreithnithe.

Admháil maidir le maoiniú – Mar gheall ar luach roinnt de na deontais seo, ní bheadh sé éifeachtach ó thaobh costais síniú a éileamh a thugann admháil don Roinn, don Údarás Áitiúil nó don LCDC. Beidh admhálacha eile leordhóthanach, m.sh. ar láithreán gréasáin an ghrúpa/an eagraíocht nó ar ardáin meán sóisialta. Sa chás go ndéanfar forbairt ar chomharthaíocht ba chóir go dtabharfaí aitheantas do ranníocaíocht na Roinne.

Maoiniú meaitseála- níl sé ina cheanglas faoin gclár seo.

Meastachán:

- **Is féidir le hiarratasóirí atá ag cur isteach ar luach níos lú ná €3,000 meastachán a dhéanamh ar chaiteachas an togra i luacháil scríofa nó ar R-phost, sliocht ón gclár.**
- **Ní mór d'iarratasóirí atá ag cur isteach ar luach níos mó ná €3,000, 3 luacháin a chur isteach a thacaíonn leis na costais mheasta.**

Iarrann an Chomhairle ar iarratasóirí '**ÁBHAR A CHEANNACH GO hÁITIÚIL**' nuair is féidir mar le chéile, is féidir leis seo difríocht mhór a dhéanamh don eacnamaíocht áitiúil.

5. Critéir Roghnúcháin

Déanfaidh an LCDC meastóireacht ar iarratais le hincháilitheacht a chinntiú agus ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn siad dírithe ar aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste mar a aithnítear san LECP. Ní mór go mbeidh na tionscadail ag cloí le clú an chláir, a bhfuil sé i gceist leis maoiniú a sholáthar do phobail ar fud na hÉireann le saoráidí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste a fheabhsú.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar an mbealach:

- A chuidíonn siad le heagraíochtaí a gcuid áiseanna a athoscailt;
- A mhéadaítear líon na rannpháirtithe nó na gcuairteoirí nó an lucht féachana, agus rochtain ar áiseanna laistigh den dobharcheantar a fheabhsú agus a leathnú;
- A ndéantar infheistíocht chun úsáid na saoráide a mhéadú nó a leathnú, mar shampla, chuig grúpaí deonacha agus pobail;
- A laghdaítear costas reatha bliantúil saoráide;
- A mbíonn tionchar dearfach acu ar an gcomhshaol, mar shampla, laghdú ar ídiú fuinnimh;
- A dtaispeántar comhoibriú leis an údarás áitiúil nó le comhlachtaí ábhartha eile sa dobharcheantar;
- A dtacaítear le hómós áite a chruthú sa phobal lena n-áirítear tríd an timpeallacht thógtha a fheabhsú;
- A dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna sláinte agus sábháilteachta; agus/nó,

- A infheistítear sa teicneolaíocht a mbeidh rochtain orthu ag daoine aonair agus pobail a dtéann míbhuntáiste i bhfeidhm orthu.

D'fhéadfaí tionscadail a mheas freisin agus aird á thabhairt ar chritéar breise a mheasfaidh an LCDC a bheith cuí agus a léiríonn luach breise an tionscadail nó gné den tionscadal ó thaobh aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar aidhmeanna an chláir i ngach ceantair riaracháin de chuid an Údaráis Áitiúil.

6. Rialachas Corparáideach

6a. Monatóireacht:

Éileofar ar na deontaithe na caighdeáin is airde trédhearcachta agus cuntasachta a chomhlíonadh mar atá doiciméadaithe i gCiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe – Bainistiú agus Cuntasach do dheontais ón Státchiste

<http://circulars.gov.ie/pdf/circular/per/2014/13.pdf>

Is é an prionsabal uileghabhálach ná go mbeidh trédhearcacht agus cuntasacht ann ó thaobh airgead poiblí a bhainistiú, ar aon dul leis an ngeilleagar, le héifeachtúlacht agus le héifeachtacht. Tugtar breac-chuntas sa chiorclán, mar shampla, nár chóir do lucht faighte deontais fáil réidh le sócmhainní a bhí maoinithe trí airgead poiblí gan cead a bheith faighte roimh ré.

6b. An Cód Rialachais d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha

Tá an Roinn ag moladh do chomhlachtaí a fuair maoiniú glacadh leis an gCód Rialachais, Cód Cleachtas do Dhea-Rialachas Eagraíochtaí Pobail, Deonacha agus Carthanais, mar go gcuideoidh sé leat an méid is fearr is féidir a bhaint amach i ngach réimse den obair. Iarrtar sa Chód Rialachais ar eagraíochtaí comhaontú a thabhairt go bhfeidhmeofar i leith prionsabail phríomha ar mhaithe lena n-eagraíocht a reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla i réimsí mar ceannaireacht, trédhearcacht agus cuntasacht agus iad féin a iompar le hionracas. Tá tuilleadh faisnéise le fáil maidir leis an gCód ag www.governancecode.ie

7. Nósanna Imeachta maidir le Ceadú

Déanfar na hiarratais go léir ar mhaoiniú faoin gclár seo a fhaigheann gach LCDC a athbhreithniú agus a mheas ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ábhartha.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh an LCDC san áireamh, agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an leithdháileadh deiridh den mhaoiniú do thionscadal, líon fachtóirí, lena n-áirítear, cothroime geografach agus inmhianaitheacht maoiniú a dhéanamh ar thionscadail dhifriúla agus míbhuntáiste gaolmhar an cheantair ina bhfuil an tsaoráid lonnaithe á bhreithniú (nó a mbeidh an tsaoráid ag freastal air)².

Nuair a bheidh cinneadh déanta, gheobhaidh gach tionscadal atá ceadaithe, faoi réir ag foirmiúlacht dlí agus ceanglais eile a thabhairt chun críche, tairiscint ar chuidiú deontais i bprionsabal. Beidh sé sin faoi réir ag na coinníollacha ábhartha a chomhlíonadh agus faoi réir ag an iarratasóir glacadh go sásúil leis an tairiscint sin.

Coimeádtar an ceart ar chosaint maoiniú a bhí tairgthe do thionscadal eile a bhí ceadaithe a leithdháileadh arís mura bhfreastalaítear ar na ceanglais go léir laistigh de thréimhse réasúnach.

Tá an ceart ar chosaint ag an Roinn agus/nó ag an Údarás Áitiúil tabhairt faoi iniúchadh ar chaiteachas nó cigireacht a dhéanamh ó am go ham.

²D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé sin crostagairt a dhéanamh ar shuíomh na saoráide (nó an ceantar ar a bhfreastalaíonn an tsaoráid) le hinnéacs díobhála PobalHase atá le fáil ag www.pobal.ie.

Tabhair ar aird:

De ghnáth sáraíonn na héilimh ar chúnamh an maoiniú a bhíonn ar fáil agus tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh an próiseas meastóireachta dian. Is é atá mar chuspóir leis an bpróiseas seo a chinntiú go dtagann na tionscadaíl is fearr chun cinn, agus na fachtóirí go léir á dtógáil san áireamh agus go dtugtar tacaíocht dóibh. Is é beartas na Roinne a chinntiú go gcaitear le gach iarratas go cothrom agus go neamhchlaonta.

D'fhéadfadh sé go mbeadh na tairiscintí ar mhaoiniú níos lú ná an tsuim a bhí á lorg ag an iarratasóir. Ba chóir d'iarratasóirí a bheith ar an eolas go bhféadfadh go leor eagraíochtaí a bheith ag déanamh iarratais ar an gClár. Dá bhrí sin, in imthosca den sórt sin, d'fhéadfadh sé nach n-éireodh leis na hiarratais go léir a chomhlíonann na coinníollacha nó d'fhéadfadh sé gur suim níos lú ná an tsuim a bhí á lorg a bheadh i gceist.

Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na tograí atá faighte, d'fhéadfadh siad comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile, agus d'fhéadfadh sé faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

8. Ginearálta

Tá sé i gceist leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil sa doiciméad seo, tuiscint a thabhairt do na hiarratasóirí ar an bpróiseas lena ndéantar measúnú ar iarratais ar mhaoiniú agus lena gceadaítear na hiarratais agus níl léirmhíniú dlíthiúil i gceist leis.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

D'fhéadfaí, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, mionsonraí atá sna hiarratais agus sna doiciméid tacaíochta, arna n-iarraidh, a scaoileadh le tríú páirtithe. Sa chás faisnéis a bheith i d'iarratas atá íogair nó rúnda, déan an fhaisnéis sin a aithint agus tabhair míniú maidir leis an gcúis nár chóir an fhaisnéis sin a nochtadh. Má fhaightear iarratas faoin reachtaíocht ar fhaisnéis atá íogair a scaoileadh, rachfar i gcomhairle leat roimh chinneadh a dhéanamh cíbe a scaoilfear an fhaisnéis sin nó nach scaoilfear. Mura ndéantar faisnéis áirithe a aithint mar fhaisnéis atá íogair áfach, d'fhéadfaí an fhaisnéis sin a scaoileadh gan dul i gcomhairle leat.

Cuairteanna Suímh

D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an Roinn, an tÚdarás Áitiúil nó an LCDC faoi chuairteanna láithreán ar mhaithe le comhlíonadh théarmaí agus coinníollacha an Chláir a fhíorú gan aon fhógra a thabhairt roimh ré.

D'fhéadfadh sé go n-éileofaí faisnéis bhreise

Tá an ceart ar chosaint ag an LCDC tuilleadh faisnéise a éileamh uait más gá ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas.

Úsáid faisnéise

Bainfear úsáid as an fhaisnéis atá curtha ar fáil san fhoirm chun críocha an phróisis deontais a mheas agus a riar, agus le héascú a dhéanamh ar aon chuairteanna láithreáin. Agus an LCDC i mbun meastóireachta ar na hiarratais atá faighte, d'fhéadfadh an LCDC comhairle a lorg agus dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí eile agus d'fhéadfadh an LCDC faisnéis a nochtadh leis na saineolaithe agus leis na gníomhaireachtaí seo maidir le tograí atá faoi bhreithniú.

Eile

- Tá sé beartaithe faoin gclár go ndéanfar 30% den mhaoiniú a leithdháiltear ar gach ceantar Údarás Áitiúil a chur ar leataobh le haghaidh deontas de €1,000 nó níos lú.
- Maidir le deontais le haghaidh trealamh nó uasghrádú saoraidí, déanfaidh grúpaí iarratasóirí féin-dheimhniú nach bhfuil an maoiniú acu chun an obair a dhéanamh, gan an cúnamh deontais, nó mar mhalairt air sin, leis an deontas, tabharfaidh siad faoi thionscadal níos mó, nach mbeidís in ann a íoc murach an deontas.
- Má tá an t-iarratas ar mhaoiniú le haghaidh gné amháin de thionscadal, ceanglófar ar iarratasóirí fianaise dhoiciméadach a sholáthar go bhfuil iarmhéid an mhaoinithe ar fáil don ghné áirithe sin den tionscadal sin.
- Níl aon teorainn ar líon na n-iarratas ar thionscadail éagsúla ó eagraíochtaí. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh a fhios ag iarratasóirí go nglacfaidh an LCDC cur chuige cothromais/cothroime chun dáileadh cothrom maoinithe a chinntiú.
- Tá an Státchiste ag déanamh maoiniú 100% ar an gclár. Is féidir le hiarratasóirí maoiniú eile/maoiniú meaitseáilte a ghairíl do thionscadail (m.sh le LEADER, na Bailte Slachtmhara, maoiniú i ndáil le Feabhas a chur ar Bhailte agus ar Shráidbhailte, srl.) cé nach ceanglas atá anseo faoin gclár nua seo.
- Tá sé mar fhreagracht ar riarthóirí/chomhlacht atá freagrach as aon scéim nó clár maoinithe eile a chinntiú nach dtagann úsáid an Chláir seo, chun tionscadal a chómhaoiniú, salach ar rialacha na scéime/an chláir eile sin.
- Ní íocfar CBL ach sa chás go bhfuil sé san áireamh i méid an iarratais. Ní ghlacfar le hiarrataí breise ar íocaíochtaí CBL nó aisíocaíochtaí.

9. Le hIarratas a Dhéanamh

Foirm Iarratais

Tá an fhoirm iarratais mionsonraithe agus leagtha amach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis is gá ar fáil ann le meastóireacht a dhéanamh ar gach togra go cruinn agus go cothrom. **Cinntigh, le do thoil, go gcomhlánaíonn tú foirm iarratais na bliana 2021 ina iomláine agus go seoltar aon doiciméid a thacaíonn le d'iarratas isteach in éineacht leis an iarratas.**

Ní bhreithneofar a bheith incháilithe ach na tionscadail a fhreastalaíonn ar na critéir atá leagtha amach thuas.

TABHAIR AR AIRD NACH MBREITHNEOFAR IARRATAIS NACH BHFUIL COMHLÁNAITHE GO HIOMLÁN NÁ IARRATAIS ATÁ DEIREANACH.

Caithfear ar bhealach tromchúiseach le faisnéis atá bréagach nó míthreorach a chur ar aghaidh ag céim ar bith den phróiseas iarratais. D'fhéadfadh sé go mbeadh eagraíocht ar bith nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha an chláir faoi réir ag cigireacht, go bhféadfaí a ndeontas a tharraingt siar, go n-éileofaí orthu cuid den deontas nó an deontas go léir a íoc ar ais agus/nó cosc a bheith orthu iarratais a dhéanamh ar feadh tréimhse ama. Cuirfear aon sárúithe tromchúiseacha ar théarmaí agus ar choinníollacha an Chláir in iúl don Gharda Síochána.

**Is é an dáta deiridh chun glacadh le foirmeacha iarratais comhlánaithe ná
5.00 p.m. De Máirt, an 22ú Meitheamh 2021**

**Ní mór duit an togra nó an tairiscint a chur i gcrích agus an t-iarratas chun an
deontas a tharraingt a chur isteach faoin 10ú Mí na Nollaig 2021 ar a dheireanaí**